AN FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Fálta Sceach

Gné thraidisiúnta aithnidiúil de thírdhreach cheantair thuaithe na hÉireann ná páirceanna ina bpaistí agus fálta arda sceach thart timpeall orthu. Is éard atá i bhfálta sceach go héifeachtach ná stiallacha líneacha coillearnaí *(woodland)*, a bhíonn ina ngnáthóga fíor-riachtanacha don fhiadhúlra go minic agus a bhíonn tábhachtach do cháilíocht an tírdhreacha ó thaobh radhairc de. Tá méadú tagtha le blianta beaga anuas ar an tuiscint atá ag feirmeoirí ar thábhacht na bhfálta sceach ó tugadh an Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath isteach, lena dtairgtear íocaíochtaí bliantúla d'fheirmeoirí le fálta agus gnéithe eile de thírdhreach na tuaithe a chaomhnú. Tá nithe áirithe le feiceáil faoi láthair a thabharfadh le fios nach bhfuiltear ag baint fálta sceach amach oiread agus a bhíothas sna 1970oídí agus sna 1980oídí.

Cúlra ó Thaobh Staire

Gnéithe den tírdhreach is ea fálta sceach atá curtha isteach ag daoine. Tá go leor dár bhfálta ann ón 18ú agus ón 19ú céad, ach bhí roinnt ann níos luaithe ná sin fiú, tráth na dTúdar i leith. Roghnaíodh an sceach gheal, tor dúchasach – mar an planda fáil ba mhó ráchairt air agus daoine ag cur fálta sceach san 18ú agus sa 19ú céad toisc gur féidir leis fál dlúth a dhéanamh in achar gairid nach mbíonn beithigh in ann dul tríd. Baineadh úsáid as fálta sceach ar dtús mar chlaíocha agus chun teorainneacha maoine agus bailte fearainn a dhéanamh amach, ach 'nádúraíodh' iad de réir a chéile go raibh siad ina gcuid den tírdhreach

Trom – bláth agus caora

féin agus is comhchuid thábhachtach den chomhshaol tuaithe anois iad.

Fálta Sceach – Miontearmainn Dúlra

Tá plandaí seachas an sceach gheal tar éis fálta sceach a choilíniú ón tráth a cruthaíodh na fálta. Is é an tEarrach an tráth is fearr le formhór na speiceas a shainaithint agus iad faoi bhláth. Is iad an draighean, an crann siilíní fiáin agus aiteann na chéad chinn a thagann i mbláth, ó mhí Mhárta go dtí amach san Aibreán. Tagann bláthanna flúirseacha bána an draighin amach sa chuid deiridh de mhí na Bealtaine, agus tagann an trom agus an crann fia-úll amach ina dhiaidh sa chuid deiridh de mhí na Bealtaine go dtí an chéad chuid de mhí Mheithimh. Bíonn dreapairí fite fuaite sna toir seo amhail eidhneán (a thagann i mbláth san fhómhar), gabhrán (féasóg aithnidiúil 'an tseanfhir') agus féithleann. Is annamh a fheictear coll i bhfálta, toisc gur mall mar a choilíníonn sé iad, agus d'fhéadfadh seo an áit mar a mbíodh coillearnach ar dtús a thabhairt le fios.

Má shiúlann tú thar fhál sceach san earrach agus go luath sa samhradh, bíodh súil in airde agat le plandaí luibheacha ar na gruaimhíní *(banks)* agus na ciumhaiseanna. Is iad na speicis is feiceálaí agus is coitianta ná peirsil bhó agus feabhrán (a mbíonn cuid mhór bláthanna beaga bána ina dtortáin *(clumps)* theanna ar an dá luibh) chomh maith le lusanna móra, ruithéil rí, garbhlus, bóchoinneal agus biolar gréagáin. Féadfaidh tú sabhaircíní agus fanaigsí a aimsiú ar ghruaimhíní

Is furasta | difríocht a dhéanamh

Féithleann – bláth agus duilleoga

foscúla atá níos crochta. Beidh go leor de na féir ag bun na bhfálta go coitianta anois i dtalamh feirme a bhainistítear go dian. Is é an bealach is fearr leis na plandaí seo ar fad a shainaithint ná le cúnamh eolaí allamuigh – ní fada go mbeidh cleachtadh agat ar na speicis is coitianta.

Bíonn fálta sceach ina dtearmann d'fheithidí freisin, na cinn is aithnidiúla ná féileacáin agus leamhain. Bíonn sé de nós ag larbha na bhféileacán plandaí áirithe a ithe: itheann an bhánóg rinnbhuí biolair ghréagáin, itheann an breacfhéileacán coille agus an geatóir féir éagsúla agus itheann an ruán beag neantóga.

Bíonn na feithidí ina mbia faoi seach ansin d'éin fheithiditeacha amhail dreoilíní, donnóga agus gilphíbeanna. Itheann smólaigh cheoil agus loin dhubha cuiteoga (*earthworms)*, drúchtíní agus seilidí a bhíonn ag bun na bhfál, ach bíonn barra chaora an fhómhair ina mbia do bhuíóga, chorcráin choille, ríthe rua agus do chuairteoirí geimhridh amhail sacáin agus deargáin sneachta. Is beag éan as a measc sin a dtiocfadh líon mór díobh slán faoin tuath in éagmais fómhair fheithidí, shíolta agus chaora na bhfálta sceach. Soláthraíonn fálta sceach spás luachmhar dár n-éin phórúcháin lena neadacha a dhéanamh agus le seasamh le ceol a chasadh.

Tugann fálta sceach bia, foscadh agus cosaint do go leor dár mamaigh. Is deacair níos mó ná corrspléachadh a fháil ar na mamaigh seo toisc gurb ainmhithe oíche a bhformhór. Is mó is dócha go gcloisfidh tú gíoga géara na mamach atá níos lú, amhail lucha féir agus dallóga fraoigh i gcasanach *(undergrowth)* an fhraoigh. Is féidir coiníní a fheiceáil agus iad ag teacht amach as a gcuid poll le fáinniú an lae nó contráth na hoíche agus má bhíonn an t-ádh leat b'fhéidir go bhfeicfidh tú broic, a mbaineann úsáid as gruaimhíní fáil dá gcuid brocach.

Beidh gráinneoga ag ithe, ag síolrú agus ag codladh an gheimhridh i bhfálta sceach go coitianta. Bíonn an easóg, sionnach agus scréachóg reilige ar bharr an tslabhra bia agus bíonn siad ag sealgaireacht na mamach agus na n-éan beag.

Fálta a Bhearradh – Sochar nó dochar?

In ainneoin a gceaptar de ghnáth, ní gá gurb údar díobhála fálta a bhearradh ó thráth go chéile. Is féidir fál atá caolaithe, toisc é a bheith ligthe chun báin, a fheabhsú go mór ach é a bhearradh. An rud a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh ná duine a bhaineann úsáid as an gcineál mícheart de ghearrthóir fáil le haghaidh na ngas mór adhmaid agus crainn i bhfálta sceach a ghearradh le sábha slabhrach gan codanna éagsúla den chrann a idirdhealú ar an gcuid ab fheiliúnaí don chineál sin sábh. Má ghearrtar fál ró-mhinic agus má choinnítear an-íseal é, déanfar laghdú suntasach ar líon an fhiadhúla a bheidh ann. Is é an bealach is fearr le fálta sceach a bhainistiú ná iad a ghearradh de réir uainíochta, ionas go mbeidh roinnt fágtha gan ghearradh gach bliain. Is é an tráth is fearr fálta a bhearradh ná amach sa gheimhreadh ionas nach gcuirfear isteach an iomarca ar an bhfiadhúlra. D'fhéadfá triail a bhaint as líon na speiceas éan a fheiceann tú i bhfál íseal bearrtha nó cóngarach dó, a thaifeadadh agus a chur i gcomparáid leis an líon a fheiceann tú i bhfál nach bhfuil á bhainistiú. Is é an cruth idéalach d'fhál ar mhaithe le fiadhúlra ná fál ard, leathan dlúth a bhfuil casarnach go leor leis. Is leis an gcruth seo a sholáthrófar an méid is mó d'fhoscadh, chosaint, bhia agus spás le neadacha a dhéanamh. Ba chóir go mbeifeá in ann níos mó speiceas éan a thaifeadadh sa chineál seo fál.

Sabhaircín – planda sainiúil ar ghruaimhíní fálta

Fálta Sceach a Bhaint Amach

Níl aon fhigiúir chruinne ann faoi láthair maidir le líon na bhfálta sceach atáthar ag baint amach in Éirinn. Baineadh fálta sceach amach níos minice i gcontae an oirthir agus i limistéir ar mhó líon na talún insaothraithe a bhí iontu, ná mar a baineadh i limistéir talún féaraigh, de bharr meicniú na hoibre feirmeoireachta a bheith dulta i bhfairsinge. Cuireadh córas banracha in ionad fálta sceach ar roinnt dianfheirmeanna déiríochta áfach

Buíog – feictear & cloistear go coitianta é cois fálta atá taobh le bóithre

Beach ghabhair

Gráinneog – mamach feithiditeach oíche na bhfálta sceach

Bóin Dé – creachóirí luachmhara a bhíonn le fáil i bhfálta sceach agus a itheann aifidí (cuileoga glasa).

chun gníomhaíocht féaraigh a rialáil, agus rialaítear beithigh le fálú leictreach ansin. Is cosúil nach bhfuil Éire thíos chomh mór le baint amach na bhfálta sceach agus atá Sasana agus an Fhrainc, mar a bhfuil cion níos mó de thalamh insaothraithe.

Cén Fáth go Mbaintear Fálta Sceach Amach?

Bíonn sé deacair meaisínra mór a láimhseáil i bpáirceanna beaga agus sábhálann an feirmeoir am agus airgead trí pháirc mhór amháin a dhéanamh de roinnt páirceanna beaga. Luadh barra a bheith faoi scáth mar mhíbhuntáiste a bhaineann le fálta sceach chomh maith leis na fálta a bheith ina dtearmann do lotnaidí agus d'fhiailí. Ar deireadh, ní mór fálta sceach a chothabháil fosta – rud a fhágann gur gá conraitheoir a fhostú de ghnáth, a d'fhéadfadh bheith costasach.

Buntáistí Fálta Sceach

Cé gur cosúil go bhfuil an-bhunús leis na hargóintí ina gcoinne, is amhlaidh go dtairgeann fálta sceach buntáistí don fheirmeoir. Soláthraíonn siad foscadh do bharra a bhféadfadh an ghaoth dochar a dhéanamh dóibh má bhíonn lánbhualadh na gaoithe orthu. Gníomhóidh fál ar airde mheasartha mar fhál fothana an-éifeachtúil. Soláthraíonn fálta foscadh luachmhar d'ainmhithe agus cabhraíonn siad le creimeadh ithreach a chosc chomh maith le tuilte. Tá fianaise ann go ngníomhaíonn fálta mar dhris chosáin ag galair amhail eitinn bhuaibheach ionas nach scaipfear iad. Ar deireadh, tugann taighde le fios go soláthraíonn fálta sceach cothromaíocht sa dúlra a chuidíonn leis an bhfeirmeoireacht. Siúd is gur fíor gur tearmann do lotnaidí iad, bíonn creachóirí na lotnaidí sin i láthair freisin (áirítear damháin alla, bóíní Dé agus éin orthu sin), agus d'fhéadfadh fálta sceach athruithe móra ar líon na lotnaidí talmhaíochta a chur faoi smacht dá bharr.

Crainn as Fálta Sceach

Is minic a d'fhágfadh ísealchríocha na hÉireann an tuairim chontráilte ag duine go bhfuil cuid mhór coillte ann, mar gheall ar chrainn sna fálta sceach. Mar a tharlaíonn sé, tá líon is lú ná 1% d'Éirinn faoi chlúdach coillearnacha leathanduilleacha, agus ní coillearnach aibí ach thart faoi leathchuid den limistéar sin. Cuireadh i bhfad níos mó crainn leathanduilleacha ó lár na 1990aidí, ach tá gá fós le níos mó crainn shingil, le grúpaí crann agus le coillte beaga i gceantair thuaithe. Is minic a cuireadh crainn i measc shraitheanna na sceach geal le haghaidh adhmaid, ach tá go leor díobh siúd atá fós beo ró-aibí. Áirítear an feá, dair, leamhán agus an crann cnó capaill orthu siúd. Tá an fhuinseog ar an gcrann is coitianta a bhíonn sna fálta sceach anois agus déanfaidh sí fálta sceach a choilíniú go nádúrtha. Is fíorthearc leamhán aibí atá beo anois mar gheall ar ghalar an leamháin Dhúitsigh ach maireann líonta beaga leamhán beo fós mar bhuinneáin. Ní mór dúinn a bheith ag súil go leagfar seanchrainn i bhfálta sceach agus iad ina n-údar contúirte, go háirithe agus iad taobh le bóithre, ach is minic is éasca athchrainn a chur ina n-áit díreach trí bhuinneáin a sheachaint agus an fál á bhearradh. Cuirtear ar chumas na gcrann óg fás aníos tríd an bhfál sceach agus iad fágtha gan ghearradh, go dtiocfaidh siad in inmhe.

Tionscadail Maidir le Fálta Sceach

Bíonn fálta sceach iontach mar ábhar múinteoireachta bitheolaíochta mar gheall ar an éagsúlacht mhór fhásra agus ainmhithe a bhaineann leo, atá cosúil leis an méid a bhíonn le fáil ar imeall coillearnacha. Má tá tú le staidéar a dhéanamh ar fhálta sceach, cuir ceist ar an úinéir talún roimh ré i gcónaí.

Conas is Féidir Leat Páirt a Ghlacadh?

Cleachtadh bleachtaireachta an-spéisiúil fhiúntach do do bhaile fearainn nó do pharóiste ná staidéar a dhéanamh ar sheanléarscáileanna ar scála sé orlach na Suirbhéireachta Ordanáis (cuir ceist ar do Chomhairle Chontae) agus ar aerghrianghraif na Suirbhéireachta Geolaíochta. Ba chóir go mbeifeá in ann a dhéanamh amach cén fálta a baineadh amach nó a cuireadh isteach ó 1837. Is féidir leat suirbhéireacht a dhéanamh ar do cheantarsa ansin ar an talamh le fáil amach cá mhéad fál atá ann san am i láthair. Cuirfidh an t-eolas a bhaileoidh tú taifead luachmhar staire ar fáil do do cheantar áitiúil ar na hathruithe atá tagtha agus atá ag teacht ar an tírdhreach.

Foinsí Breise Comhairle agus Eolais

Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann
21 Bóthar Northumberland, Baile Átha Cliath 4
TEIL: (01) 660 4530
Ríomhphost: enquiries@iwt.ie
Láithreán Gréasán: www.iwt.ie

Cairde Éanlaith Éireann
Teach Rutledge
8 Plás an Longfoirt, Baile na Manach
Co. Bhaile Átha Cliath
Teil: (01) 280 4322
Ríomhphost:
info@birdwatchireland.org
Láithreán Gréasáin:
www.birdwatchireland.ie

Comhairle maidir le héin agus le fálta sceach

An Taisce (Iontaobhas Náisiúnta d'Éirinn)
Halla an Táilliúra, An Lána Cúil, Baile Átha Cliath 8.
Teil: (01) 454 1786
Ríomhphost: info@antaisce.org
Láithreán Gréasáin:
www.antaisce.org

Comhairle maidir le gnéithe nádúrtha, staire agus cultúir na gceantar tuaithe.

Má bhíonn aon cheisteanna agat a bhaineann go sonrach leis an bhfiadhúlra, is féidir leat dul i dteagmháil le do Mhaoirseoir Fiadhúlra áitiúil (féach eolairí réigiúnacha fóin).

Féach Bileog Aicsin 14 ENFO – Fálta a Bhainistiú – le haghaidh comhairle maidir le fálta a bhainistiú.

Má bhíonn nasc agat leis an idirlíon, beidh tú in ann teacht ar roinnt láithreán spéisiúil idirnáisiúnta le cuardach idirlín, a chlúdaíonn fálta sceach agus saincheisteanna eile a bhaineann le cúrsaí caomhnúcháin dúlra. Ní liostaítear na seoltaí do na láithreáin sin anseo toisc gur féidir go n-athrófaí iad ó am go chéile.

Léitheoireacht Bhreise

Irish Hedges le Richar Nain, Folens Environmental Library Series

Hedgerows le A. Angus, Partridge Press, Londain, 1987.

Hedgerows – Their History and Wildlife le R. & N. Muir, Michael Joseph Teo., Londain, 1987.

Hedges: Comhairle na hEorpa (Sraith um Phleanáil agus Bhainistíocht) Strasbourg, 1988.

Hedgerow and Verges le W.H. Dowdeswell, Allen and Unwin, Londain, 1987.

Small Woods and Hedgerows le V. Porter, Pelham Books, Stephen Green Press, 1990.

Hedges le E. Pollard, M.D. Hooper agus N.W. Moore, New Naturalist Series, Collins, 1974.

Discovering Hedgerows le David Streeter agus Rosamund Richardson, BBC Publications, 1982.

Easóg – bíonn sé ag sealgaireacht mamach agus éan beag.



luch fhéir

Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: ***(01) 8883910***
Lóghlaoch: **1890 200191**
Faics: **(01) 888 3946**
r-phost: ***info@enfo.ie***
www.enfo.ie

Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údaráis Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO de chuid na Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte
Bealtaine 2003